

Nóta Treorach: **Fianáin agus teicneolaíochtaí** **rianúcháin eile**

Aibreán 2020



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

Clár an Ábhair

Ról Rialála an DPC maidir le fianáin agus le teicneolaíochtaí rianúcháin	1
Na Rialacháin Ríomhphríobháideachais	2
Cad is fianáin ann?	3
Cé na cineálacha eile teicneolaíochtaí rianúcháin atá in úsáid?.....	4
Céard is trealamh teirminéalach ann?.....	4
Cén dlí atá ann maidir le fianáin agus cén chuspóir atá leis?	4
Toiliú	6
Cé na fianáin atá díolmhaithe ón gceanglas toiliú a fháil ón úsáideoir nó ón rannpháirtí?	6
An bhfuil toiliú riachtanach d'fhianáin anailíseacha?	8
An féidir leat toiliú a fháil d'ilchuspóirí ag an am céanna?	9
Toiliú a tharraingt siar	9
Conas a bheidh ar do chumas toiliú a fháil le leanúint ar aghaidh ?	10
An féidir leat toiliú intuigthe á úsáid le fianáin agus teicneolaíochtaí rianúcháin a úsáid?	10
Faisnéis atá soiléir agus cuimsitheach	11
Trédhearcacht, faisnéis agus freagrachtaí faoin GDPR.....	11
Boscaí réamhthiceáilte agus barraí sleamhnáin	11
Ceanglais le soláthróirí bainistíochta toilithe (CMPnna) a úsáid	12
Ceanglais do mheirge fianán.....	13
An féidir leat brath ar shocruithe brabhsála an úsáideora le toiliú a thabhairt le tuiscint?	14
Comhéadain mearbhlach.....	14
Tréimhse saoil fianáin	15
Comhrialaitheoirí	15
Sonraí pearsanta a phróiseáil	15
An gá duit tabhairt faoi mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí (DPIA)?	16
Catagóir speisialta sonraí	17
Rianú suímh nó faisnéise maidir le suíomh a bhaint as fianáin	17
Comhlíontacht	18

Ról rialála an DPC maidir le fianáin agus le teicneolaíochtaí rianúcháin

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú an dlí ar Ríomhphríobháideachas, is é sin le rá Treoir Ríomhphríobháideachais an AE ([2002/58/CE](#) arna leasú ag [2009/136/CE](#)), agus Rialachán Ríomhphríobháideachais na hÉireann, arna bhfeidhmiú ag [lonstraim Reachtúil \(I.R.\) Uimh. 336 de 2011](#). Tá an reachtaíocht seo deighilte ó, ach déanann sé comhlánú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ní mór d'eagraíochtaí cloígh leis an dá dhlí, ach tá feidhm leis na rialacha faoin reachtaíocht Ríomhphríobháideachas ar dtús sa chás go bhfuil breithniú á dhéanamh agat ar an úsáid a bhaineann d'eagraíocht as fianáin agus as teicneolaíochtaí rianúcháin eile. Is é Rialachán 5 de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais an reachtaíocht ábhartha a rialaíonn úsáid fianáin.

Na Rialacháin Ríomhphríobháideachais

Rialachán 5 de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais

Cosnaíonn **Rialachán 5** de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2011 (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) (I.R. Uimh. 336 de 2011) ('Rialacháin Ríomhphríobháideachais') rúndacht na cumarsáide leictreonaí.

Rialachán 5(3): Ní bhainfidh duine úsáid as líonra cumarsáide leictreonach le faisnéis a stóráil, nó le rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin ar threalamh teirminéalach rannpháirtí nó úsáideoir, mura

(a) bhfuil a thoiliú/a toiliú tugtha ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir i leith na húsáide sin, agus

(b) cuireadh faisnéis shoiléir agus cuimsitheach ar fáil don rannpháirtí nó don úsáideoir de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí atá —

(i) ar taispeáint go soiléir agus inrochtana go héasca, agus

(ii) ina n-áirítear, gan srian, críocha próiseála na faisnéise.

Rialachán 5(4): Chun críche Alt (3), ní mór go mbeidh na modhanna le faisnéis a sholáthar agus le toiliú a thabhairt chomh sothuigthe agus is féidir. Sa chás go mbeidh sé indéanta go teicniúil agus go mbíonn sé éifeachtach agus aird á thabhairt ar fhorálacha ábhartha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, d'fhéadfaí toiliú an úsáideora a thabhairt i leith stórála faisnéise nó rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin trí úsáid a bhaint as na socruithe brabhsála cuí nó as feidhmchlár teicneolaíochta eile trí bhealaí lena bhféadfaí a bhreithniú go bhfuil a thoiliú/a toiliú tugtha ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir.

Rialachán 5(5): Ní chuireann Alt (3) cosc ar aon stóráil theicniúil, nó rochtain chuig faisnéis chun críche tabhairt faoi tharchur nó cumarsáid thar líonra cumarsáide leictreonaí agus sin

amháin nó sa chás é a bheith riachtanach i ndáiríre le seirbhís sochaí faisnéise soiléir a chur ar fáil agus a bhí éilithe go soiléir ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir.

Dá bhrí sin leagtar amach i **Rialachán 5(5)** an critéar nach mór d'fhianán nó do theicneolaíocht rianúcháin eile freastal air chun a bheith díolmhaithe ón gceanglas le toiliú a fháil.

Cad is fianáin ann?

De ghnáth is ionann fianáin agus comhaid téacs bheaga a stóráiltear ar ghaireas, ar nós ríomhaire pearsanta, gaireas soghluaiste nó ar aon ghaireas eile atá in ann faisnéis a stóráil. Áirítear ar ghairis freisin a d'fhéadfadh fianáin a úsáid, gairis ar a dtugtar 'Idirlíon na nEarraí' (IoT) a cheanglaíonn leis an idirlíon.

Tá líon feidhmeanna tábhachtacha ag fianáin, lena n-áirítear, an t-úsáideoir agus a n-idirghníomhaíocht roimhe seo a thabhairt chun cuimhne. Is féidir iad a úsáid, mar shampla, le súil a choinneáil ar earraí i gciseán siopadóireachta ar líne nó súil a choinneáil ar fhaisnéis nuair a chuireann tú mionsonraí isteach ar fhoirm iarratais ar líne. Tá fianáin fíordheimhnithe tábhachtach freisin le húsáideoirí a aithint nuair a logálann siad isteach i seirbhísí baincíreachta agus i seirbhísí eile ar líne.

Baintear úsáid as fianáin áirithe freisin chun cuidiú le leathanaigh gréasáin lódáil níos tapa agus le faisnéis a ródú thar líonra.

D'fhéadfadh sé go n-áireoidh an fhaisnéis atá stóráilte ar fhianáin, sonraí pearsanta, ar nós seoladh IP, ainm úsáideora, aitheantóir uathúil nó seoladh ríomhphoist. Ach d'fhéadfadh sonraí neamhphearsanta a bheith orthu freisin, ar nós socrúcháin teanga nó faisnéis maidir leis an gcineál gaireas atá duine a úsáid chun brabhsáil ar an láithreán.

D'fhéadfadh ID fógraíochta, ID úsáideora agus ID rianaithe eile a bheith ar na fianáin freisin.

D'fhéadfadh na fianáin a bheith ina bhfianáin *céad pháirtí* nó *tríú páirtí*. Go ginearálta, is fianán céad pháirtí an fianán a bhíonn socraithe ag do láithreán gréasáin féin, m.sh. is fearann óstála an fianán céad pháirtí. Is ionann fianán tríú páirtí agus fianán atá socraithe ag fearann seachas an ceann a bhfuil an t-úsáideoir ag tabhairt cuairt air, m.sh. fearann seachas an ceann a fheiceann siad ar an mbarra seoltaí. D'fhéadfadh fianáin den sórt sin a bheith bainteach le fógraíocht nó le breiseáin meán sóisialta a bhíonn cumasaithe ag rialaitheoir an láithreáin ghréasáin, ar nós cnaipe 'is maith liom' nó uirlis comhroinnte.

D'fhéadfadh *dáta éaga* a bheith ag fianáin freisin. Is dóigh go mbeidh tréimhse saoil gearr ag fianáin seisiúin, mar shampla, tá siad deartha le feidhmiú ar feadh an tseisiúin brabhsála nó achar atá beagán níos faide nó tá dáta éaga acu a théann in éag nuair a bhíonn a gcuspóir teoranta curtha i gcrích acu. Ní mór go mbeidh dáta éaga fianáin comhréireach lena gcuspóir. Dá bhrí sin, níor chóir go mbeadh dáta éaga éiginnte ag fianáin seisiúin a mbaintear úsáid astu ar mhaithe le feidhm ar nós cuimhneamh ar an fhaisnéis i dtralaí siopadóireachta, nó ar mhionsonraí taistil úsáideora do thuras aonair, agus ba chóir go mbeidh an dáta socraithe le dul in éag nuair a bhíonn a bhfeidhm curtha i gcrích acu nó go gairid ina dhiaidh sin.

Cé na cineálacha eile teicneolaíochtaí rianúcháin atá in úsáid?

Is iad na fianáin a bhfuil formhór na n-úsáideoirí idirlín feasach ina leith de ghnáth ná brabhsálaí, nó http agus fianáin. De ghnáth, áirítear ar chineálacha eile fianáin agus teicneolaíochtaí rianúcháin, oibiachtaí stórála áitiúla (LSOnna) nó 'laisfhianán', fearas forbartha bogearraí (SDKnna), rianairí pictelín (nó formáid idirmhalartaithe grafaice), cnaipí 'is maith liom' agus uirlisí comhroinnte sóisialta, agus teicneolaíochtaí fearais méarlorgaireachta. De ghnáth baineann an dlí ar fhianáin *leis na huirlisí seo go léir*.

Tá toiliú an úsáideora riachtanach d'fhianáin agus do theicneolaíochtaí rianúcháin eile, lena n-áirítear, pictelíní, rianú suímh agus fearas méarlorgaireachta mar gheall go bhfuil rochtain chuig faisnéis i gceist leo, nó faisnéis a chur ar ghaireas nó ar threalamh teirminéalach an úsáideora. Níl ach dhá chúinse ann go ndíolmhaítear fianáin ón gceanglas toiliú a fháil agus tá breac-chuntas mionsonraithe tugtha ina leith sin thíos.

Cad is trealamh teirminéalach ann?

Is féidir aon ghaireas ar nós ríomhaire pearsanta nó ríomhaire glúine, fón póca, gaireas atá ceangailte leis an idirlíon a bhféadfaí faisnéis a stóráil air nó fiú bréagán nó cúntóir guthbheoite a bhaineann úsáid as fianáin nó as teicneolaíochtaí rianúcháin eile a bhreithniú mar "threalamh teirminéalach" chun críocha na Rialacháin.

Cén dlí atá ann maidir le fianáin agus cén chuspóir atá leis?

Cosnaíonn an Treoir Ríomhphríobháideachais, a aistríodh go dlí na hÉireann i Rialacháin Ríomhphríobháideachais 2011, príobháideachas cumarsáide daoine aonair.

Tá trealamh teirminéalach (m.sh. ríomhairí agus gairis eile, lena n-áirítear fón póca) úsáideoirí líonraí cumarsáide leictreonaí agus aon fhaisnéis atá stóráilte ar threalamh

den sórt sin mar chuid de réimse príobháideach úsáideoirí, lena n-éilítear iad a chosaint faoi ionstraimí idirnáisiúnta cearta an duine.

Is féidir teicneolaíocht a bhaineann úsáid as earraí spaireachta, spéicéirí gréasáin, aitheantóirí faoi cheilt agus gairis eile den chineál céanna a úsáid chun rochtain a fháil chuig gaireas duine i ngan fhios don duine sin, agus d'fhéadfadh siad faisnéis faoi cheilt a stóráil ar an ngaireas le rianú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, gluaiseachtaí agus nósanna ar líne agus as líne an duine. D'fhéadfadh rochtain chuig a ngaireas gan a dtoiliú nó i ngan fhios dóibh cur isteach go mór ar na húsáideoirí seo.

Is é an cuspóir atá leis an dlí ar fhianáin daoine aonair a chosaint ó fhaisnéis a chur ar a gcuid gaireas, nó a rochtain ar a gcuid gaireas, gan a dtoiliú, a d'fhéadfadh cur isteach ar rúndacht na cumarsáide atá á dhéanamh acu.

Baineann an dlí le haon stóráil faisnéise a dhéantar ar ghaireas nó ar threalamh an úsáideora, chomh maith le rochtain chuig aon fhaisnéis atá stóráilte ar an trealamh cheana féin – ciallaíonn sé seo trí úsáid a bhaint as fianáin brabhsálaí nó teicneolaíochtaí eile ar nós méarlorgaireacht gairis nó úsáid a bhaint as picteilíní nó as gairis den chineál céanna. Níl sé ábhartha cíbe an mbíonn nó nach mbíonn sonraí pearsanta san fhaisnéis atá stóráilte nó san fhaisnéis a dhéantar a rochtain. Bíonn feidhm leis na Rialacháin Ríomhphríobháideachas maidir le haon fhaisnéis¹ atá stóráilte nó a dhéantar a rochtain ón ngaireas.

Chomh maith leis sin, sa chás go mbíonn aitheantóirí i bhfianáin a d'fhéadfaí a úsáid le díriú ar dhuine sonrath, nó sa chás go mbaintear faisnéis as fianáin nó as teicneolaíochtaí rianúcháin eile a d'fhéadfaí a úsáid chun díriú air nó próifíliú a dhéanamh ar dhaoine aonair, ciallaíonn sé seo sonraí pearsanta agus tá próiseáil na sonraí pearsanta sin faoi réir ag na rialacha atá leagtha amach sa [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#) (GDPR).

Tugtar ar aird i Réamhaithris 30 den [GDPR](#) go bhféadfadh daoine aonair (m.sh. “daoine nádúrtha”) a bheith bainteach le haitheantóirí ar líne a chuireann a gcuid gaireas, feidhmchláir, uirlisí agus prótacail ar fáil, ar nós seoltaí prótacail ar líne, aitheantóirí fianáin nó aitheantóirí eile ar nós clibeanna aitheantais radaimhnicíochta.

Tugtar ar aird i Réamhaithris 30 freisin go bhféadfadh sé seo loirg a fhágáil, “go háirithe nuair a chuirtear in éineacht iad le haitheantóirí uathúla agus faisnéis eile a fhaightear trí sheirbheálaithe, a d'fhéadfaí a úsáid le próifílí a chruthú de dhaoine nádúrtha agus na daoine nádúrtha sin a aithint”.¹

¹ Déantar soiléiriú i mbreithiúnas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le *Planet49* den 1 Deireadh Fómhair 2019, go bhfuil feidhm le hAirteagal 5(3) den Treoir Ríomhphríobháideachas maidir le faisnéis a stóráil, nó rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte ar threalamh teirminéalach úsáideora cibé ar sonraí pearsanta atá san fhaisnéis nó nach ea.

Tá aitheantóirí ar líne san áireamh sa sainmhíniú ar shonraí pearsanta in Airteagal 4(1) den GDPR freisin.

Toiliú

Ceanglaítear le Rialacháin Ríomhphríobháideachais nach mór duit toiliú a fháil chun rochtain chun faisnéise atá stóráilte ar threalamh teirminéalach rannpháirtí nó úsáideoir, nó ó thaobh *aon fhaisnéis* atá stóráilte ar ghaires an duine. Ciallaíonn sé seo nach mór duit toiliú a fháil le fianáin a shocrú nó a stóráil, beag beann ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil faisnéis phearsanta ar na fianáin nó ar na teicneolaíochtaí rianúcháin eile atá á n-úsáid agat.

Ní mór go mbeidh an toiliú le fianáin a shocrú ar an gcaighdeán a sainmhínítear in Airteagal 4(11), den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus ina luaitear go gciallaíonn ‘toiliú’ an ábhair sonraí *“aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi”*.

Cé na fianáin atá díolmhaithe ón gceanglas toiliú a fháil ón úsáideoir nó ón rannpháirtí?

D’fhéadfá a bheith ag baint úsáid, mar rialaitheoir, as fianáin chun críocha anailíseacha nó margaíochta, chun críocha spriocdhírithé nó próifíliú agus d’fhéadfá catagóirí áirithe a leagan amach dóibh nuair a chuireann tú faisnéis ar fáil d’úsáideoirí ar do láithreán gréasáin. Mar sin féin, beag beann ar an mbealach a roghnaíonn tú le catagóiriú a dhéanamh orthu, *ní féidir* fianáin nach bhfuil ag freastal ar cheann amháin den dá chás maidir le húsáid sonracha sna Rialacháin Ríomhphríobháideachais a dhíolmhaíonn iad ón ngá le toiliú a fháil, *a shocrú* nó a úsáid ar ghaires úsáideora sula bhfaigheann tú toiliú uathu.

Tugtar a) díolúine chumarsáide agus b) díolúine riachtanach i ndáiríre ar an dá dhíolúine.

a) Díolúine chumarsáide

Baineann sé seo le fianáin arbh é an **t-aon chuspóir amháin** atá leo ná tabhairt faoi tharchur cumarsáide thar líonra, mar shampla, le críochphointí cumarsáide a aithint. D’fhéadfadh baint a bheith aige seo freisin le fianáin a úsáidtear le deis a thabhairt le míreanna sonraí a mhalartú san ord atá i gceist, m.sh. trí uimhreacha a chur ar phacáistí

sonraí. Baineann sé le fianáin a mbaintear úsáid astú le hearráidí tarchurtha nó cailliúint sonraí a bhrath.

Tá Meitheal Oibre Airteagal 29 soiléir maidir lena [Thuairim 4/2012](#) ar an Díolúine Toilithe Fianán go ndéanann an tslat tomhais seo *teorannú sonracha ar na cineálacha próiseála* is féidir tabhairt fúithi agus ní fhágtar spás le haghaidh léirmhíniú. Go simplí, níl fianán a úsáid chun cuidiú le, luas a chur faoi nó tarchur cumarsáide thar líonra a rialú, leordhóthanach le go mbainfeadh sé leas as díolúine toilithe.

SAMPLA 1: Má bhaineann tú úsáid as fianán cothromú lóid le trácht líonra a dháileadh ar fud freastalaithe difriúla, is féidir é seo a bhreithniú mar chineál fianán a fhreastalaíonn ar dhíolúine chumarsáide. Is é an t-aon chuspóir amháin atá leis an fhaisnéis atá leis an bhfianán seo ceann de na freastalaithe a aithint (m.sh. críochphointí cumarsáide) agus tá sé riachtanach, dá bhrí sin, tabhairt faoin gcumarsáid thar líonra.

b) díolúine atá riachtanach i ndáiríre

Ní mór d'fhianán atá díolmhaithe faoin gcritéar seo dul trí dhá thástáil ag an am céanna:

Baineann an díolúine le 'seirbhísí na sochaí faisnéise' (ISS) – m.sh. seirbhís a dhéantar a sheachadadh thar an idirlíon, ar nós láithreán gréasáin nó aip. Chomh maith leis sin, ní mór go ndéanfaidh an t-úsáideoir an tseirbhís sin a *éileamh go soiléir* agus ní mór úsáid fianáin a theorannú go dtí an méid atá riachtanach i ndáiríre leis an tseirbhís sin a sholáthar. Níl fianáin a bhaineann le fógraíocht riachtanach i ndáiríre agus ní mór toiliú a fháil.

SAMPLA 1: Baineann do láithreán gréasáin úsáid as fianáin seisiúin le súil a choinneáil ar earraí i gciseán siopadóireachta ar líne. Téann na fianáin seo in éag nuair a thagann deireadh lena seisiún nó go gairid ina dhiaidh sin. Comhlíonann na fianáin seo an coinníoll 'riachtanach i ndáiríre' agus níl toiliú riachtanach ina leith sin. Ar an mbealach céanna, is féidir fianáin a dhéanann taifeadadh ar theanga nó ar rogha tíre an úsáideora nuair a thugann siad cuairt ar do láithreán a bhreithniú a bheith riachtanach i ndáiríre le seirbhís a bhíonn a *éileamh go soiléir* ag an úsáideoir agus ní gá toiliú a fháil lena n-aghaidh.

SAMPLA 2: Baineann láithreán gréasáin taistil feidhm as fianán le tréimhse saoil dhá bhliain le brabhsálaí agus gaireas úsáideora a aithint go huathúil chun críocha pleanála turais a thaispeáint agus le cuimhneamh ar a roghanna turais gach uair a thugann siad cuairt ar an láithreán. Tá an fianán sin socraithe gan toiliú nuair a thagann an t-úsáideoir isteach ar an láithreán. Cé go bhféadfadh feidhmiúlacht den sórt sin a bheith úsáideach, ní mór toiliú a fháil le haghaidh na bhfianán seo.

Ní mór go mbeidh sé soiléir don úsáideoir cé chomh fada is a choinneofar an rogha seo ar do láithreán gréasáin chun críocha pleanálaí turais a chur i láthair ar bhrabhsálaí nó ar aip. Más díreach ticéad atá á cheannach ag an úsáideoir agus go gcuireann sé/sí dáta tosaigh agus dáta deiridh isteach dá dturas, d'fhéadfaí freastal ar an gcuispóir sin trí fhianán seisiún. Mar sin féin, más mian leat seirbhís a sholáthar a thugann an deis don láithreán gréasáin cuimhneamh ar roghanna turais an úsáideora ar feadh tréimhse níos faide, tá toiliú riachtanach d'fhianán a fheidhmíonn chun a rogha seo a shábháil.

SAMPLA 3: Tá feidhm chomhrá téacs ar do láithreán gréasáin le deis a thabhairt do dhaoine teagmháil a dhéanamh le gníomhairí seirbhíse do chustaiméirí trí fhuinneog chomhrá ar líne. Ní féidir aon fhianáin a mbaintear úsáid astú leis an fheidhmiúlacht comhrá sin a sheachadadh a fheidhmiú go dtí *go n-éilíonn* an duine *go soiléir* an comhrá téacs a úsáid. Ní fhreastalaíonn fianáin den sórt sin ar an díolúine toiliú 'riachtanach i ndáiríre'.

Cuireann [Tuairim 04/2012 Cosaint Sonraí na Meithle Oibre Airteagal 29](#) faisnéis níos mionsonraithe ar fáil chun cuidiú leat measúnú a dhéanamh maidir le cén fianán a d'fhéadfadh leas a bhaint as ceann de na díolúintí toilithe.

Déanann [Tuairim 9/2014 Cosaint Sonraí na Meithle Oibre Airteagal 29](#) soiléiriú freisin go mbaineann Airteagal 5(3) den Treoir Ríomhphríobháideachas (arna fheidhmiú i ndlí na hÉireann i Rialachán 5(3)) le gaireas teicneolaíochtaí méarlorgaireachta. Ciallaíonn sé seo má tá tú ag próiseáil gaireas méarloirg a chruthaítear trí fhaisnéis a stóráil, nó le rochtain a fháil ar fhaisnéis, ar ghaireas úsáideora, nach féidir leat é sin a dhéanamh ach amháin le toiliú bailí an úsáideora.

An bhfuil toiliú riachtanach d'fhianáin anailíseacha?

Tá. Baintear úsáid as fianáin anailíseacha mar uirlis tomhais do láithreáin gréasáin, lena n-áirítear, faisnéis a cur ar fáil maidir le líon na gcuariteoirí uathúla agus na leathanaigh a mbíonn siad ag brabhsáil orthu le linn a gcuarite. D'fhéadfadh roinnt den anailísíocht úsáid a bhaint as fianán céad pháirtí ina dtugann an rialaitheoir nó páirtí eile thar ceann an rialaitheora faoin fheidhm anailísíochta. Tá soiléiriú déanta ag [Meitheal Oibre Airteagal 29](#) gur comhrialaitheoir nó próiseálaí a bheidh sa pháirtí eile seo, ag brath ar cibé a mbaintear úsáid as na sonraí dá gcríocha féin nó cibé a bhfuil cosc curtha air/uirthi trí shocruithe conartha a leithéid a dhéanamh.

D'fhéadfaí anailísíocht tríú páirtí a dtugann páirtithe seachas an rialaitheoir fúthu, dá gcríocha féin uaireanta, riosca príobháideachais níos mó a chiallú don úsáideoir.

Breithníonn Meitheal Oibre Airteagal 29 nach dóigh go gcruthóidh fianán anailísíochta céad pháirtí riosca príobháideachais nuair a bhíonn siad teoranta go dian chun críocha staitistiúil comhiomlán céad páirtí, agus nuair a úsáidtear iad ar láithreáin gréasáin a chuireann faisnéis shoiléir maidir le fianáin den sórt sin ar fáil ina mbeartas

príobháideachais, chomh maith le cosaintí leordhóthanacha príobháideachais. Ní mór go n-áireoidh sé seo, meicníocht sothuigthe le haon bhailiúchán sonraí d'anailísíocht a dhiúltú.

Ní dócha go mbreithneofar fianáin anailísíochta céad pháirtí mar thosaíocht don DPC i leith gníomh forfheidhmithe.

An féidir leat toiliú a fháil d'ilchuspóirí ag an am céanna?

D'fhéadfadh sé nach bhféadfaí toiliú a "chuacha" d'ilchuspóirí. Mar chúis dea-chleachtais, ní mór duit breac-chuntas a thabhairt sa chéad sraith chumarsáide ar do láithreán gréasáin nó ar d'aip soghluaiste go bhfuil tú ag iarraidh toiliú le fianáin a úsáid chun críocha sonracha. Is féidir, ansin, a dara sraith fhaisnéise a úsáid le faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis na cineálacha fianáin nó teicneolaíochtaí eile atá in úsáid, le roghanna don úsáideoir glacadh leis na fianáin seo nó iad a dhiúltú. Ní cheadaítear duit boscaí réamhthiceáilte, barraí sleamhnáin nó aon uirlisí eile a úsáid atá socraithe trí réamhshocrú ar 'ANN' le comhartha a thabhairt maidir le toiliú an úsáideora i leith socrú nó úsáid fianáin.

Toiliú a tharraingt siar

Ní mór go mbeidh ar chumas an úsáideora toiliú a tharraingt siar *chomh héasca céanna is a thug siad an toiliú sin* agus ní féidir leat toiliú d'fhianáin a 'chuacha' le toiliú chun críocha eile, nó le téarmaí agus coinníollach do chonradh d'aon seirbhísí eile atá á gcur ar fáil agat. Ní mór duit faisnéis a sholáthar san fhaisnéis maidir le do chuid fianáin ó thaobh conas is féidir le cuairteoirí a d'toiliú i leith úsáid fianáin a tharraingt siar níos deireanaí, lena n-áirítear, trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir leis an ngníomh a theastaíonn uathu tabhairt faoi le comhartha a thabhairt maidir le rogha den sórt sin.

Má tá fianán á úsáid agat le taifead a stóráil inar thoiligh an t-úsáideoir le fianáin a úsáid, ní mór duit a iarraidh ar an úsáideoir a d'toiliú a dheimhniú arís tráth nach faide ná sé mhí² tar éis duit an riocht toilithe seo a stóráil. Mar réiteach praiticiúil, breithnigh uirlis éasca a úsáid ar nós 'cnaipe raidió' ar do láithreán gréasáin a thugann an deis d'úsáideoirí maidir le cé na fianáin a shocraítear a rialú le cead a thabhairt dóibh a d'toiliú a athrú ag tráth ar bith.

² Cé nach bhforordaítear tréimhse saoil sonracha d'fhianáin den sórt sin sa reachtaíocht, bunaithe ar anailís bhunphrionsabail an DPC, breithnímid gur creat ama réamhshocraithe cuí atá anseo le riocht toilithe an úsáideora a stóráil. Ní mór go mbeidh údar maith ag an rialaitheoir ar bhonn oibiachtúil agus cás ar chás le sonraí a stóráil ar feadh tréimhse níos faide.

Ní mór go mbeidh tacaíocht a fháil ag aon taifead toilithe ó bhearta soiléire eagraíochtúla agus teicniúla a chinntíonn gur féidir gníomhú go héifeachtach ar léiriú toilithe an duine is ábhar do na sonraí (nó an toiliú a tharraingt siar).

Conas a bheidh ar do chumas toiliú a fháil le leanúint ar aghaidh?

Roghnaíonn formhór na láithreán gréasáin meirge fianán nó mír aníos a fheidhmiú, a thugann léiriú go bhfuil úsáideoir tagtha ar an láithreán gréasáin agus a chuireann an chéad sraith chumarsáide ar fáil maidir le húsáid fianáin agus teicneolaíochtaí rianúcháin eile. Beidh nasc le beartas príobháideachais sa mheirge nó san fhógra seo a sholáthraíonn faisnéis bhreise atá níos mionsonraithe.

Má tá meirge fianán nó mír aníos á n-úsáid agat, ní féidir leat comhéadan a úsáid a chuireann ‘brú’ ar úsáideoir glacadh le fianáin seachas iad a dhiúltú. Dá bhrí sin, má tá cnaipe á úsáid agat ar mheirge leis an rogha ‘glac’, ní mór duit an seasamh céanna a thabhairt do rogha a thugann an deis don úsáideoir le fianáin a dhiúltú, nó ceann a thugann cead dóibh fianáin a bhainistiú agus iad a thabhairt chomh fada le sraith eile faisnéise ar mhaithe le cead a thabhairt dóibh lena leithéid sin a dhéanamh, de réir cineál agus cuspóir an fhianáin.

Ní mór go mbeidh toiliú an úsáideora sonrath do gach cuspóir dá bhfuil a gcuid sonraí á bpróiseáil agat, ní mór é a bheith tugtha faoi shaoirse agus gan athbhrí agus tá gníomh dearfach riachtanach ó thaobh an úsáideora de. Ní féidir easpa cumarsáide nó easpa gníomhaíochta ó thaobh an úsáideora a bhunú ar thoiliú i leith aon phróiseáil ar a sonraí pearsanta.

Ní mór duit nasc a chur san áireamh mar bhealach le faisnéis bhreise a rochtain maidir leis an úsáid atá á bhaint agat as fianáin agus maidir leis na tríú páirtithe a mbeidh na sonraí á n-aistriú chucu nuair a chuirtear faoi deara don úsáideoir glacadh le húsáid fianáin.

An féidir leat toiliú intuigthe á úsáid le fianáin agus teicneolaíochtaí rianúcháin a úsáid?

Ní féidir leat toiliú a fháil trí ‘thuiscint’ le fianáin a shocrú. Ciallaíonn sé seo go gcuireann an fhoclaíocht i do mheirge fianán nó i d’fhógra fianán úsáideoirí ar an eolas, má leanann siad ar aghaidh ag úsáid do láithreán gréasáin – trí chliceáil, trína úsáid nó trí scrollú – go nglacann tú leis go bhfuil toiliú tugtha acu le fianáin a shocrú agus ní cheadaítear a leithéid.

Ar an mbealach céanna, níl meirge fianáin a thagann aníos nuair a théann úsáideoir isteach ar an láithreán gréasáin agus a imíonn as amharc ina dhiaidh sin nuair a bhí an t-úsáideoir ag scrollú, gan aon rannpháirtíocht eile ó thaobh an úsáideora leis an mheirge nó le faisnéis maidir le fianáin, ag comhlíonadh an dlí. Ní féidir leat glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis a bhí sa mheirge fianáin feicthe agus léite ag an úsáideoir a bhí díreach ag scrollú nó a chliceáil ar ghné ar leathanach, murar féidir leat a léiriú go soiléir go raibh siad i dteagmháil leis an fhaisnéis agus gur thug siad a dtóiliú gan athbhrí le fianáin a shocrú agus a dtóiliú do chríocha próiseála.

Faisnéis atá soiléir agus cuimsitheach

Ceanglaítear le Rialachán 5(3) de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais nach mór “faisnéis atá soiléir agus cuimsitheach” a sholáthar don úsáideoir maidir le húsáid fianáin de réir an dlí cosanta sonraí. Cé nach sainmhínítear “soiléir agus cuimsitheach” sna Rialacháin, ní mór go mbeidh an caighdeán a éilítear de réir na reachtaíochta cosanta sonraí, m.sh. an GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018. De réir cleachtas, má tá do chuid próiseála bainteach le sonraí pearsanta, ní mór duit na ceanglais trédhearcachta faoi Airteagal 12-14 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh dúbláil a bheith i gceist leis an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i do bheartas fianáin agus i do bheartas príobháideachais. Is dea-chleachtas atá ann cothabháil a dhéanamh ar an bpéire i gcónaí ar mhaithe le sraitheanna difriúla faisnéise a éascú a d’fhéadfadh a bheith riachtanach faoina Rialacháin Ríomhphríobháideachais agus faoin GDPR.

Trédhearcacht, faisnéis agus freagrachtaí faoin GDPR

Sa chás, ag an bpointe tar éis na fianáin a bheith socraithe, go bhfuil sonraí pearsanta i gceist leis an bpróiseáil, tá feidhm leis an GDPR i gcás na próiseála seo. Ciallaíonn sé seo nach mór duit an fhaisnéis go léir a chur ar fáil do na daoine aonair, faisnéis a bhfuil siad ina teideal maidir le trédhearcacht faoi Airteagail 12-13 den GDPR, lena n-áirítear, faisnéis maidir le cé hiad na páirtithe eile atá ag próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Ní mór duit faisnéis a sholáthar freisin maidir leis an mbealach a bhféadfaidh daoine aonair cearta go léir na ndaoine is ábhar do na sonraí a chleachtadh faoi fhorálacha Alt 3 den GDPR, lena n-áirítear, an bealach le hiarratas rochtana an duine is ábhar do na sonraí a dhéanamh agus a gceart chun gearán a dhéanamh chuig an údarás um chosaint sonraí.

Boscaí réamhthiceáilte agus barraí sleamhnáin

Níl an dlí Eorpach á chomhlíonadh acu seo, mar a ndéantar soiléiriú ina leith i mbreithiúnas [Planet49](#) i mí Deireadh Fómhair 2019. Ní gá toiliú a thabhairt do gach fianán, ach ní mór toiliú a thabhairt do gach cuspóir a bhfuil fianáin á n-úsáid lena aghaidh. Sá chás go mbíonn úsáid a bhaint as fianán do níos mó ná aon chuspóir amháin lena n-éilítear toiliú, ní mór toiliú den sórt sin a fháil do na *cuspoirí seo go léir* astu féin. Beag beann ar an gcur síos a roghnaíonn tú le cur síos a dhéanamh ar fhianán (m.sh. 'feidhmiúlacht', 'feidhmiú', 'anailísíocht' nó 'margaíocht'), ní mór go mbeidh ceann de dá critéar díolmhaithe i Rialachán 5(5) á gcomhlíonadh ag an fhianán ar mhaithe le bheith díolmhaithe ón gceanglas toiliú an úsáideora a fháil.

Is cuma cibé an bhfuil nó nach bhfuil sonraí pearsanta sna fianáin. Mura bhfuil siad ag comhlíonadh an chritéir do dhíolmhú toilithe, ansin ní mór duit toiliú an úsáideora a fháil sula socraíonn tú iad.

Ceanglais le soláthróirí bainistíochta toilithe (CMPna) a úsáid

Is ionann tairseach bainistíochta toilithe nó soláthróir bainistíochta toilithe (CMP) agus córas a mbaineann roinnt rialaitheoirí úsáid as chun cuidiú le bainistíocht a dhéanamh ar roghanna úsáideoirí agus chun cabhrú leo a n-oibleagáidí trédhearcachta a chomhlíonadh faoin dlí cosanta sonraí. Baintear feidhm astu sin uaireanta i bhfoirm bogearraí a chuireann díoltóir tríú páirtí ar fáil, nó d'fhéadfadh rialaitheoir a dtairseach inmheánach féin a fhorbairt le toiliú úsáideora a bhainistiú agus le faisnéis maidir le fianáin agus le roghanna príobháideachais a sholáthar. Nuair a thugann cuairteoir cuairt ar láithreán gréasáin agus nuair a chuirtear meirgí, mír aníos nó barraí sleamhnáin os a gcomhar, is minic go mbíonn na roghanna seo á mbainistiú agus úsáid á baint as tairseach bainistíochta toilithe de chineál éigin.

Sa chás go bhfuil CMP tríú páirtí á úsáid agat, ní mór go mbeidh a méid a mhaíonn sé á dhéanamh ag an uirlis nó ag an mbogearra sin. Ní féidir boscaí réamhthiceáilte a úsáid ina bhfuil comhartha maidir le 'toiliú' iontu chun fianáin a úsáid. Má tá uirlis tríú páirtí den sórt sin a úsáid le taifead a choinneáil de thoiliú an úsáideora i leith úsáid fianáin, ní mór duit taifead a choinneáil freisin den toiliú sin mar chuid den taifead maidir le do chuid gníomhaíochtaí próiseála de réir Airteagal 30 den GDPR. Ba chóir duit teorainn a chur ar an achar ama a mbíonn toiliú den sórt sin bailí ar feadh achar nach faide ná sé mhí³, agus i ndiaidh na tréimhse sin ní mór a mheabharrú don úsáideoir a dtoiliú a thabhairt arís.

³ Ní fhorordaítear tréimhse ama sa reachtaíocht a bhféadfar toiliú a stóráil sula n-iarrtar ar an úsáideoir a gcuid roghanna a dheimhniú arís. Mar sin féin, bunaithe ar anailís bhunphrionsabail, breithnímid sé mhí mar chreat

Ní mór go mbeidh ar chumas úsáideoirí a dtoiliú a tharraingt siar nó a dtoiliú a athrú i leith úsáid fianáin nó teicneolaíochtaí rianúcháin ag tráth ar bith agus ní mór duit an bealach inar féidir leo é sin a dhéanamh a shoiléiriú agus uirlisí á n-úsáid agat a bhí curtha ar fáil agat le toiliú a bhainistiú. Ní mór go mbeidh sé chomh héasca céanna don úsáideoir a dtoiliú a tharraingt siar is a bhí sé an toiliú sin a thabhairt.

Ceanglais do mheirge fianán

Sá chás go bhfuil meirge fianán á úsáid agat le faisnéis bhreise a chur ar fáil d'úsáideoirí maidir leis an úsáid a bhaineann tú as fianáin, níor chóir don mheirge an téacs atá i do bheartas príobháideachais nó i do bheartas fianán a dhéanamh éiginnte. Ní mór go mbeidh ar chumas úsáideoirí do chuid beartais príobháideachais agus do bheartas fianán a léamh i gcónaí (seachas iad siúd a thagann laistigh de cheann den dá dhíolúine) gan aon fhianáin a bheith socraithe. Ní mór go mbeidh téacs atá inléite go héasca agus nach bhfuil comhrá téacs nó gnéithe eile atá ar an leathanach ag cur isteach orthu, a bheith i meirge ina bhfuil nasc le tuilleadh faisnéise maidir le húsáid fianáin.

Níl meirge nach dtugann rogha go díreach don úsáideoir le cliceáil ach ar 'glacadh' agus sin amháin chun glacadh le fianáin agus nach gcuireann aon rogha eile ar fáil ag comhlíonadh na reachtaíochta. Ciallaíonn sé sin meirgí le cnaipe a léann 'ceart go leor, tuigim!' nó 'tuigim', agus nach gcuireann aon rogha eile ar fáil le fianáin a dhiúltú nó cliceáil le haghaidh faisnéis bhreise, níos mionsonraithe, inghlactha agus níl siad ag comhlíonadh an chaighdeáin atá riachtanach.

Ní mór duit, ar a laghad, faisnéis a chur ar fáil a thugann an deis don úsáideoir fianáin nach bhfuil riachtanach a dhiúltú nó tuilleadh faisnéise a éileamh maidir le húsáid fianáin. Ní mór duit, sa dara sraith fhaisnéise, tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir le cineálacha agus cuspóirí na bhfianán atá á socrú agus maidir leis na tríú páirtithe a bheidh i mbun próiseála na faisnéise a bhailítear nuair atá úsáid bainte as na fianáin sin.

Beag beann ar na bealaí a roghnaíonn tú le toiliú a bhainistiú, ní mór go mbeidh do chomhéadan úsáideora ag comhlíonadh an cheanglais go mbeidh an fhaisnéis sin soiléir agus cuimsitheach.

ama réamhshocraithe cuí le toiliú den sórt sin a choinneáil. Ní mór go mbeidh údar maith ag an rialaitheoir ar bhonn oibiachtúil agus ar bhonn cás ar chás le fianáin a úsáid le tréimhse saoil níos faide le taifead a dhéanamh de sheasamh toilithe an úsáideora.

An féidir leat brath ar shocruithe brabhsála an úsáideora le toiliú a thabhairt le tuiscint?

De ghnáth, ní féidir. Ní féidir a mheas go bhfuil toiliú tugtha ag úsáideoir a thugann cuairt ar do láithreán gréasáin nó ar d'aip go díreach mar gheall go bhfuil an brabhsálaí nó feidhmchlár eile á úsáid acu, a chumasaíonn trí réamhshocrú bailiú agus próiseáil a gcuid faisnéise. Mar a dhéantar soiléiriú air i [dTuirim 2/2010](#) na Meithle Oibre Airteagal 29 maidir le Fógraíocht Iompraíochta ar Líne, ní eol do ghnáth dhaoine is ábhar do na sonraí go bhfuil rianú á dhéanamh ar a n-iompar ar líne nó ar na cuspóirí atá leis an rianú sin. Ní eol dóibh i gcónaí conas na socrúcháin bhrabhsála a úsáid le fianáin a dhiúltú, fiú má tá an fhaisnéis seo san áireamh sna beartais príobháideachais.

Fiú má chuireann tú faisnéis ar fáil i dtéarmaí agus i gcoinníollacha ginearálta agus/nó sa bheartas príobháideachais maidir le fianáin tríú páirtí atá á n-úsáid d'fhógraíocht iompraíochta, lena n-áirítear, úsáidí/cuspóirí bunúsacha fianáin den sórt sin agus an bealach gur féidir iad a sheachaint tríd an mbrabhsálaí a shocrú, ní bheidh sé sin ag comhlíonadh ceanglais faisnéise atá "soiléir agus cuimsitheach" Rialachán 5(3).

Tá na himthosca ina bhféadfaí na socruithe brabhsála a bhreithniú a bheith bailí le toiliú a thabhairt le tuiscint le fianáin a shocrú thar a bheith teoranta agus ní mór iad a mheas ar bhonn cás ar chás.

Comhéadain Mhearbhlaíochta

Tóg inrochtaineacht san áireamh agus tú ag dearadh do chomhéadan. Má roghnaíonn tú scéimeanna dathanna do mheirgí fianán nó do barraí sleamhnáin agus do bhoscaí réamhthiceáilte atá ag teacht leis an gcúlra foriomlán ar do láithreán, d'fhéadfadh sé a bheith deacair na socrúcháin seo a nascleanúint, go háirithe do dhaoine le laige amhairc nó le dathdhaille. Cé go bhféadfadh barraí sleamhnáin nó cnaipí dathchódaithe dénártha rogha SEA nó Ní HEA nó rogha ANN agus AS, a thabhairt le fios, níl na scéimeanna dathanna inrochtana nó féinmhínteach i gcónaí d'úsáideoirí nach bhfeiceann dathanna ar an mbealach céanna le daoine eile. Breithnigh tástáil a dhéanamh ar do chomhéadan le húsáideoirí le laige amhairc nó le laige léitheoireachta ar intinn agat lena ndéanamh chomh hinrochtana agus is féidir do na húsáideoirí go léir.

Tréimhse saoil fianáin

Ní mór tréimhse saoil fianán a bheith comhréireach lena fheidhm. Ní bhreithneofaí é a bheith comhréireach d'fhianán tréimhse saoil 'go brách' a bheith ag fianán mar shampla.

Comhrialaitheoirí

Ba chóir duit measúnú a dhéanamh ar do chaidreamh le tríú páirtithe a bhfuil feidhm á bhaint agat as a gcuid sócmhainní ar do láithreán gréasáin. Ciallaíonn sé seo sa chás go mbaineann tú feidhm as cnaipí 'is maith liom', breiseáin nó giuirleídí, rianairí picteilín nó uirlisí comhroinnte meáin shóisialta, gur chóir duit a bheith ar an eolas maidir le cé na sonraí atá á seoladh agat chuig na tríú páirtithe siúd agus an fhíric go bhféadfaí tú a bhreithniú mar rialaitheoir maidir le haon sonraí pearsanta a bhailíonn tú agus a nochtann tú leis na tríú páirtithe siúd. Rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh soiléiriú sa bhreithiúnas maidir le [Planet49](#) i mí Iúil 2019 ar an seasamh seo.

Breithnigh freisin an caidreamh a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm sa chás go mbaineann do láithreán gréasáin úsáid as comhlacht íocaíochta tríú páirtí le híocaíochtaí a phróiseáil maidir le hearraí nó seirbhísí atá á ndíol ar do láithreán. Cé is moite de na freagrachtaí atá ort maidir le toiliú a fháil d'fhianáin, má tá úsáid á bhaint agat as tríú páirtí chun íocaíochtaí a phróiseáil, ní mór duit conradh rialaitheora-próiseálaí a bheith i bhfeidhm leis an eagraíocht sin atá ag comhlíonadh ceanglais Airteagal 28(3) den GDPR. Má tá aon ról ag an tríú páirtí sin i gcinneadh a dhéanamh maidir le bealaí nó le cuspóirí na sonraí pearsanta atá curtha ag d'eagraíochta chuig an tríú páirt sin trí fhianáin nó trí bhealaí eile, d'fhéadfadh caidreamh rialaitheora a bheith acu freisin maidir leis na sonraí pearsanta siúd. Tá sé tábhachtach go mbreithneoidh tú freagrachtaí agus dliteanais rialaitheora agus próiseálaí a eascraíonn as aon chaidreamh atá agat le tríú páirtithe a bhfuil a gcuid fianán socraithe trí d'fhearann.

Sonraí pearsanta a phróiseáil

Níl sé riachtanach go mbeidh sonraí pearsanta i bhfianán ar mhaithe le toiliú an úsáideora a bheith ag teastáil lena shocrú. Mar sin féin, sa chás go mbíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist le húsáid fianáin nó leis an fhaisnéis a bhaintear as fianáin, tá an phróiseáil seo faoi réir rialacha an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Ciallaíonn sé sin nach mór duit taifead a choinneáil freisin maidir leis na cineálacha próiseála a bhfuiltear ag tabhairt fúithi lena bhfuil baint ag sonraí pearsanta. De réir cleachtais, ba chóir duit taifead cuimsitheach a choinneáil de gach cineál sonrach próiseála mar chuid den taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála, atá ina cheanglas faoi Airteagal 30 den GDPR.

Má tá sonraí pearsanta á bpróiseáil agat a fuair tú as fianáin nó as teicneolaíochtaí rianúcháin eile agus go bhfuil na sonraí pearsanta sin ceangailte nó nasctha le sonraí eile maidir le custaiméir inaitheanta a bhfuil cuntas nó cárta dílseachta aige/aici, mar shampla, ní mór duit úsáideoirí agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir leis an bpróiseáil seo nuair a bhaineann siad úsáid as do láithreán gréasáin nó as d'aip, lena n-áirítear, conas a bheidh ar a gcumas a gcearta maidir leis na hábhair sonraí a fheidhmiú faoin GDPR.

Más féidir, mar thoradh ar úsáid fianáin, an fhaisnéis atá á próiseáil nó á bailiú agat a bhreithniú mar shonraí pearsanta, ansin ní mór duit rialacha an GDPR chomh maith leis na rialacha Ríomhphríobháideachais a chomhlíonadh. **Áirítear ar shonraí pearsanta aitheantóirí nó uimhreacha ar líne, ar nós iad siúd atá i bhfianáin agus a bhfuil baint acu le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta. Is cuma cibé a bhfuil faisnéis eile i seilbh d'eagraíocht a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le duine aonair a aithint;** tá an fhíríc go bhféadfaí an duine a aithint, fiú agus an fhaisnéis atá i seilbh eagraíocht eile a chur leis, leordhóthanach le sonraí pearsanta a dhéanamh de na sonraí.

An gá duit tabhairt faoi mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí (DPIA)?

Tá [liosta oibríochtaí próiseála](#) foilsithe ag an DPC lena bhfuil measúnú tionchair ar chosaint sonraí éigeantach. Áirítear leis seo oibríochtaí próiseála lena mbaineann monatóireacht, rianú nó breathnóireacht chórasach suíomh nó iompar duine aonair agus próifiliú daoine aonair ar an mórchóir.

Áirítear ann freisin, próiseáil lena mbaineann comhcheangal, nascadh nó crostagairt tacar sonraí ar leithligh sa chás go gcuireann nascadh den sórt sin go suntasach le nó a

n-úsáidtear é le próifíliú nó anailís iompraíochta a dhéanamh ar dhaoine aonair. Is é sin an cás, go háirithe, nuair a chomhcheanglaítear an tacar sonraí ó fhoinsí difriúla agus sa chás gur tugadh faoin bpróiseáil/go bhfuiltear ag tabhairt faoin bpróiseáil do chuspóirí difriúla nó go bhfuil an phróiseáil á déanamh ag rialaitheoirí difriúla.

Má tá baint ag do chuid próiseála le haon cheann de na hoibríochtaí seo, de bhun an úsáid a bhaineann tú as fianáin nó seachas sin, ní mór duit tabhairt faoi DPIA.

Sonraí catagóirí speisialta

Má tá d'eagraíocht i mbun próiseála ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta, lena n-áirítear, trí fhaisnéis a bhaintear as fianáin, tá sé sin faoi réir dhian-rialacha an GDPR. Sainmhíononn Airteagal 9 den GDPR catagóir speisialta sonraí mar shonraí pearsanta a nochtann bunús eitneach nó cine, tuairimí polaitiúla, tuairimí reiligiúnacha nó fealsúnachta, nó comhaltas ceardchumainn, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun críocha duine nádúrtha a aithint go huathúil, sonraí a bhaineann le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó claonadh gnéis. Go ginearálta, tá cosc ar phróiseáil sonraí pearsanta den sórt sin mura bhfuil feidhm le díolúintí atá thar a bheith sonracha. De réir cleachtais, is é an t-aon bhunús dlí a bheidh ag d'eagraíocht le haon chatagóirí speisialta sonraí a phróiseáil a bhaintear as úsáid fianáin nó as teicneolaíochtaí rianúcháin eile, ná le toiliú **soiléir** na ndaoine aonair siúd a bhfuil a gcuid sonraí á bpróiseáil agat.

Tá an barra lena léiriú go bhfuil toiliú soiléir úsáideoirí agat lena gcatagóir speisialta sonraí a phróiseáil thar a bheith ard agus ní dóigh go bhfreastalóidh faisnéis chineálach atá i meirge fianáin nó i mbeartas príobháideachais ar an mbarra seo.

Ní mór go mbeidh próiseáil catagóir speisialta sonraí ag comhlíonadh na bprionsabal a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta atá in Airteagal 5 den GDPR freisin agus ní mór bunús dlí a bheith leis, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6 den GDPR chomh maith le ceanglais Airteagal 9 a chomhlíonadh.

Rianú suímh nó faisnéis maidir le suíomh a bhaint as fianáin

Níor chóir duit fianáin nó teicneolaíochtaí eile a úsáid le suíomh nó gaireas úsáideora a rianú gan chead. Cé nach bhfuil rianú suímh liostaithe mar chatagóir speisialta sonraí in Airteagal 9 den GDPR, tá a íogaireacht áirithe aitheanta ag Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh mar gur féidir é a úsáid le faisnéis atá thar a bheith beacht a bhaint amach maidir le daoine aonair agus lena n-iompar, lena n-áirítear, a nósanna laethúla, a láthair

bhuan nó sealadach cónaitheach, a ngluaiseachtaí agus a ngníomhaíochtaí laethúla, a gcaidreamh sóisialta agus na timpeallachtaí sóisialta ina mbíonn siad go minic⁴. Má tá fianáin á socrú agat le suíomh nó gaireas úsáideora a rianú, ní féidir leat é sin a dhéanamh ach le toiliú an úsáideora agus sin amháin.

Comhlíontacht

Is é an réimeas dlí nach mór a chomhlíonadh in Éirinn i láthair na huair ná an Treoir Ríomhphríobháideachais 2002 (arna leasú) agus na Rialacháin Ríomhphríobháideachais (I.R. Uimh. 336/2011). Níor chóir do rialaitheoirí aon athruithe neamhdhleathacha a dhéanamh ar an mbeartas fianáin nó feidhm a bhaint as a gcuid fianán agus as teicneolaíochtaí rianúcháin eile bunaithe ar a léirmhíniú ar na moltaí don reachtaíocht nach bhfuil comhaontaithe ná achtaithe. Ceadóidh an DPC tréimhse sé mhí ó fhoilsiú na treorach seo do rialaitheoirí lena gcuid táirgí, lena n-áirítear, láithreáin ghréasáin agus aipeanna soghluaiste, a chur ar bhonn comhlíontachta, agus cuirfear tús le gníomh forfheidhmithe ina dhiaidh sin.”

6 Aibreán 2020

ⁱ An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 de chuid Pharlaimint agus Comhairle na hEorpa (Réamhaithris 30).

⁴ Breithiúnas Tele2 Sverige AB (C-203/15) den 21 Nollaig 2016:
<http://curia.europa.eu/juris/document/document.jsf?text=&docid=186492&pageIndex=0&doclang=EN&mode=lst&dir=&occ=first&part=1&cid=3318435>